



An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en, fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0147(COD)**

**6363/23
ADD 1**

**CONSOM 42
MI 107
COMPET 105
EF 46
ECOFIN 140
DIGIT 22
CODEC 180
CYBER 31**

NÓTA

ó: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. 6065/23

roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 9053/22 + ADD1-4
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS
ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a bhaineann le
conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena
n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE
Cur Chuige Ginearálta
– Ráitis

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráitis ón Iodáil agus ó Lucsamburg maidir leis an ábhar thuasluaite ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle Iomaíochais an 2 Márta 2023. Cuirfear na ráitis i miontuairiscí chruinniú na Comhairle.

RÁITEAS ÓN IODÁIL

MAIDIR LEIS AN TOGRA LE HAGHAIDH TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR TREOIR 2011/83/AE A BHAINNEANN LE CONARTHAÍ SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS A THUGTAR I GCRÍCH GO CIANDA AGUS LENA N-AISGHAIRTEAR TREOIR 2002/65/CE

Creideann an Iodáil go bhfuil roinnt gnéithe den togra fós le soiléiriú má táthar le héiginnteachtaí cur i bhfeidhm a sheachaint.

Baineann an inní atá ar an Iodáil go príomha le cur i bhfeidhm cuí **an phrionsabail *lex specialis*/phrionsabal na coimhdeachta.**

I dtuairim na hIodáile, **nuair a rialáiltear seirbhís airgeadais shonrach le gníomh dlí earnála de chuid an Aontais, ba cheart forlámhas a bheith ag an smacht earnála, in aon chás, ar an dara Treoir maidir le Cianmhargú Seirbhísí Airgeadais Tomhaltóirí (DMFSD2),** ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil. Go deimhin, agus reachtaíocht earnála á heisiúint aige, déanann an reachtóir Eorpach meastóireacht mhionsonraithe ar conas an t-ábhar a rialáil ag brath ar shaintréithe sonracha an mhargaidh agus an táirge rialáilte.

Maidir le DMFSD2, dá mbeadh feidhm aige maidir le táirgí/seirbhísí a rialaítear cheana féin le reachtaíocht earnála, bhainfeadh sé sin an bonn de na roghanna atá déanta cheana féin ag an reachtóir i ngach earnáil. Mar shampla, maidir leis an gceart chun tarraingt siar a chuirtear ar fáil le DMFSD2 fiú i gcás inarb ann do reachtaíocht earnála ach nach ndéantar foráil dó, amhail an Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, d'fhéadfadh cur i bhfeidhm an chirt sin a bheith casta nó neamh-chomhoiriúnach, fiú, le cineál na seirbhíse a sholáthraítear, agus **d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil thromchúiseach eascairt as sin mar aon le dlíthíocht sna cúirteanna.**

Ina theannta sin, feictear don Iodáil go bhféadfadh fadhbanna teacht as an sainmhíniú neamhbheacht a thugtar ar ‘seirbhísí airgeadais’. Go ginearálta, **b’fhearr linne nach ndéanfaí ‘seirbhísí airgeadais’ a rialáil in DMFSD2 ach a mhéid atá siad cáilithe cheana féin i bpíosa reachtaíochta náisiúnta nó de chuid an Aontais.** Ach ab é sin, bheadh éiginnteacht dhlíthiúil mhór ann, toisc go gceadófaí léirmhínte éagsúla ar ‘seirbhísí airgeadais’, agus go bhféadfaí údarais náisiúnta eanála a thabhairt chun cuntais as mainneachtain ina maoirseacht ar sheirbhísí de chineál neamhchinnte *ex ante*.

Thairis sin, **níl an Iodáil i bhfách leis go scriosfaí an téacs lena dtugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit forálacha níos déine a choinneáil nó a ghlacadh maidir le mínithe leordhóthanacha** a thabhairt don tomhaltóir maidir leis na conarthaí seirbhísí airgeadais atá beartaithe. Gan an fhéidearthacht sin, ba cheart na rialacha náisiúnta, ar déine iad maidir leis an ábhar sin, a aisghairm agus thuigfí as sin go mbeadh laghdú ar chosaint tomhaltóirí i gceist, rud nach féidir linn tacú leis.

Tá an Iodáil ag súil, dá bhrí sin, go bhféadfaí feabhas a chur ar na gnéithe sin uile den Treoir le linn na caibidlíochta trípháirtí.

Déclaration à inscrire au procès-verbal du Conseil

Conseil Compétitivité du 2 mars 2023

Déclaration du Luxembourg

Proposition de directive concernant les contrats de services financiers conclus à distance

Malgré son soutien à l'adoption de l'orientation générale, le Luxembourg souhaite faire part de ses préoccupations concernant certains aspects clés de la proposition qui ont été dénaturés au cours des discussions.

Alors que le Luxembourg souscrit pleinement à l'objectif de cette législation, à savoir parfaire le Marché intérieur des contrats transfrontaliers de services financiers conclus à distance en harmonisant certaines règles de protection des consommateurs, il estime que le mandat du Conseil ne permet pas d'atteindre cet objectif.

Le Luxembourg regrette que, malgré l'harmonisation, des dispositions clés autorisent les États membres à introduire de *nouvelles* barrières dans le Marché intérieur. Cela rend plus difficiles les transactions transfrontalières, tout en maintenant les consommateurs dans une situation où ils continuent d'être confrontés à une fragmentation juridique à travers l'UE.

Le texte en l'état

- n'apporte pas de sécurité ni de clarté juridiques au niveau de l'UE, obligeant les entreprises à potentiellement analyser et appliquer 27 législations nationales différentes lorsqu'elles concluent des contrats avec des consommateurs ;
- n'apporte pas de sécurité juridique au niveau national, car l'articulation entre le texte proposé et la législation sectorielle existante manque de clarté.

Le Luxembourg espère que le texte pourra encore être amélioré lors des prochaines étapes du processus législatif.